


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Oifig an Leas-Uachtaráin agus an Chláraitheora UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Líonra Gairmeacha UCD |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair** *(más ábhartha):* | **Cúntóir Forbartha Gairme** |
| **Tréimhse an Phoist:** | 36 mhí (Painéal 12 mhí Buan & Sealadach) |
| **Grád:** | Cúntóir Feidhmiúcháin |
| **Scála Tuarastail:** | €32,856 - €49,419 |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:** | Oibríochtaí & Bainistíocht Cúrsaí Acadúla agus Clár (APOM) – Leibhéal Gairme 1 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist:** | 2017/032 |
| **Bainisteoir Líne:** | Ceann Foirne Oibríochtaí |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais:** | 020000 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna:** | Nicole Johnston |
| **Costais Athlonnaithe:** | Níl |
| **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:** | Níl |
| **Iarratais agus Dáta Deiridh:** | https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/ |
| **Incháilithe do Chead Oibre:** | Níl |

## Achoimre ar an bPost:

Is timpeallacht oibre ghnóthach, dhinimiciúil é Líonra Gairmeacha UCD atá tiomanta do riachtanais mhic léinn UCD, Taighdeoirí Iardhochtúireachta agus fostóirí a chomhlíonadh. Tá Foireann Oibríochtaí/Riaracháin, Sainchomhairleoirí Gairme agus Scileanna, Bainisteoirí Gairme Taighdeora, Bainisteoir Intéirneachta na hOllscoile agus Oifigeach Tionscadal Comhchuraclaim i measc daoine eile ar Fhoireann Líonra na nGairmeacha in Belfield. Tá ár gcomh-Ionad Scileanna agus Gairme i Scoil Iarchéime Ghnó Smurfit lonnaithe sa Charraig Dhubh.

Is é cuspóir an phoist seo ná cabhrú le riarachán timpeallachta oifige ghnóthach a sholáthraíonn seirbhísí do mhic léinn, d'fhostóirí agus don fhoireann. Beidh an Cúntóir Forbartha Gairme ina bhall d'fhoireann bheag éifeachtach agus tá sárscileanna oibre foirne agus solúbthacht ríthábhachtach. Ós rud é go dtugann an t-aonad seo tacaíocht do phobail mac léinn, acadúla agus ghnó na hOllscoile, ní mór dó cáilíocht agus éifeachtacht a chuid seirbhísí agus a chóras a fheabhsú i gcónaí. Bainfear na cuspóirí sin amach trí roinnt dualgas agus freagrachtaí, mar a leagtar amach thíos.

Go sonrach, cuirfidh an Cúntóir Forbartha Gairme tacaíocht oibríochtúil ar fáil ar fud na bpríomhfheidhmeanna gnó lena n-áirítear foireann na deisce fáiltithe, formheas folúntas poist arna n-eisiúint ag fostóirí, tacaíocht d’imeachtaí, cúnamh le cumarsáid agus leis na meáin shóisialta, tacaíocht airgeadais, agus tacaíocht tionscadail.